# Eispéiris Léitheoireachta sa Ghaeilge i Scoileanna meán-Bhéarla

## Torthaí Foghlama


Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna a bhaineann le:

**Teanga ó Bhéal:** m.sh., Stór focal, Léiriú tuiscine

**Léitheoireacht:** m.sh., Rannpháirtíocht, Inspreagadh agus rogha, Stór focal, Líofacht agus féincheartú

Trí na gníomhaíochtaí a liostaítear thíos, tacaítear le páistí príomhinniúlachtaí a fhorbairt amhail:

- A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid: trí bheith ag léamh ar son taitnimh agus leas á bhaint as a stór teangeolaíoch iomlán.
- A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach: trí scileanna agus straitéisí meiteachognaíocha a fhorbairt.
- A bheith i do shaoránach gníomhach: trí dhul i ngleic le téacsanna atá scríofa i nGaeilge, agus meas á léiriú ar stádas na teanga agus an staid atá aici i gcultúr na hÉireann.




San Ábhar Tacaíochta seo leagtar amach réimse eispéiris léitheoireachta a thacaíonn le rannpháirtíocht a spreagadh i léitheoireacht i nGaeilge.
Tríd an léitheoireacht sa Ghaeilge bíonn an deis ag páistí:

- blaiseadh a fháil de shaibhreas na scéalaíochta sa Ghaeilge
- dul i ngleic le raon leathan seánraí
- scileanna a aistriú ón léitheoireacht i mBéarla chun tacú leis an léitheoireacht i nGaeilge
- taitneamh agus tairbhe a bhaint as eispéiris éagsúla léitheoireachta



D'fhéadfadh deiseanna teacht chun cinn go nádúrtha le linn eispéireas léitheoireachta chun **teagasc follasach** a dhéanamh ina ndíreofaí ar Thorthaí Foghlama éagsúla ar bhonn **barantúil**, **éifeachtach**. I measc samplaí díobh sin tá teagasc stór focal, gnásanna cló nó díriú ar ghnéithe den ghramadach atá sa téacs (m.sh., tionchar a bhíonn ag an séimhiú ar an bhfuaimniú srl).

Is iomaí téacs spreagúil atá ar fáil i nGaeilge. Is féidir teacht ar mholtaí le haghaidh téacsanna oiriúnacha sna foinsí seo a leanas:

- Bímís ag Léamh: An Bosca Leabharlainne
- Scéalta den Scoth: Scéalta den Scoth

Is féidir Rannpháirtíocht sa Léitheoireacht (TF1) a chothú ó Chéim 1 go dtí Céim 4 trí eispéiris léitheoireachta chomhroinnte spraíúla tharraingteacha a chur ar fáil. Cuimsíonn eispéiris léitheoireachta cinn a bhíonn faoi stiúir an mhúinteora, cinn a mbíonn scafláil iontu agus cinn a bhíonn faoi stiúir an pháiste den chuid is mó. Tríd an gcur amach a bhíonn ag múinteoirí ar na páistí, is féidir leo na gníomhaíochtaí is oiriúnaí a roghnú de réir mar a éiríonn páistí níos muiníní, agus iad á n-aithint féin mar léitheoirí ar féidir leo téacsanna éagsúla a iniúchadh agus a phlé. Tarraing ar an Ábhar Tacaíochta Scafláil a thabhairt do Léitheoireacht na Gaeilge le haghaidh raon gníomhaíochtaí a thacaíonn le páistí rochtain a fháil ar théacsanna agus dul i ngleic leo.

| Faoi stiúir an mhúinteora den chuid is mó | |
|---|---|
| 1. | Léitheoireacht mhúnlaithe |
| 2. | Léitheoireacht mhacallach |
| 3. | Críochnaigh an abairt |

| Léitheoireacht atá scafláilte | |
|---|---|
| 4. | Léitheoireacht leanúnach |
| 5. | Amharclann an Léitheora |
| 6. | Cogarléitheoireacht |

| Faoi stiúir an pháiste den chuid is mó | |
|---|---|
| 7. | Dialanna léitheoireachta |
| 8. | Clubanna léitheoireachta |

## Eispéiris Léitheoireachta sa Ghaeilge i Scoileanna meán-Bhéarla

### 1. Léitheoireacht Mhúnlaithe

Leis an Léitheoireacht Mhúnlaithe léann an múinteoir an téacs os ard (mar shampla, sliocht as leabhar mór / pictiúrleabhar / véarsa ó dhán). Éisteann na páistí leis an téacs á léamh amach go soiléir muiníneach, agus cabhraíonn sé leo dul i dtaithí ar fhuaimeanna na Gaeilge. Is féidir tacú leis an tuiscint trí úsáid a bhaint as prapaí, íomhánna, tuin chainte, gníomhartha, srl.

Leis na ranganna sóisearacha (Céim 1 agus Céim 2), féadfaidh múinteoirí úsáid a bhaint as leabhar mór, pictiúrleabhar nó puipéad ranga. Sna meánranganna agus ranganna sinsearacha (Céim 3 agus Céim 4), is féidir úsáid a bhaint as leabhair mhóra agus pictiúrleabhair, mar aon le téacsanna eile, ar nós dánta, gearrscéalta, tuairiscí gearra fíorasacha, drámaí agus úrscéalta. Is féidir teacht ar fhíseán samplach ina dtaispeántar an léitheoireacht mhúnlaithe mar chuid d'Amharclann an Léitheora anseo.

Trí bheith ag éisteacht le guthanna agus canúintí éagsúla, is féidir tacú le páistí taithí a fháil ar shaibhreas na gcanúintí difriúla agus na n-éagsúlachtaí dá bhfuil ann sa Ghaeilge. Bain triail as cuid de na roghanna seo a leanas:

- Breathnú ar dhuine ag léamh scéil ar Scéal an Lae ar TG4. Téigh chuig Cúla4, roghnaigh 'Bunscoil', roghnaigh 'Gaeilge' ansin, agus ar deireadh roghnaigh 'Scéalta'.
- Éisteacht le scéalta i nGaeilge i gcanúintí éagsúla ar shuíomh gréasáin Séideán Sí https://www.seideansi.ie, mar rang iomlán nó ina n-aonar le cluasáin.
- Léitheoirí i bpobal na scoile a roghnú agus iarraidh orthu iad féin a thaifeadadh agus iad i mbun téacs a léamh.
- Líne nó sliocht as téacs atá oiriúnach do leibhéal na bpáistí a chleachtadh. Spreag iad chun iad féin a thaifeadadh agus iad in ann é a léamh go líofa.
- Cuireadh a thabhairt do pháistí i meánranganna agus ranganna sinsearacha (Céim 3 agus Céim 4) cuairt a thabhairt ar na ranganna sóisearacha (Céim 1 agus Céim 2) agus léitheoireacht mhúnlaithe a dhéanamh leo.

Cabhraíonn an Léitheoireacht Mhúnlaithe leis an líofacht a chothú freisin (TF 10, Snáithe Léitheoireachta).


### 2. Léitheoireacht Mhacallach

Leis an Léitheoireacht Mhacallach cuidítear leis an bpáiste dul i dtaithí ar fhuaimeanna na Gaeilge, agus ar bhrí a chur in iúl, trí aithris a dhéanamh ar an múinteoir. Cabhraíonn sé má bhíonn an téacs atá in úsáid bunaithe ar fhrásaí agus foclóir atá cleachtaithe ag na páistí cheana féin. Leis sin cinntítear go bhfuil tuiscint ag na páistí ar an téacs agus go mbíonn siad ag díriú ar a líofacht agus a bhfuaimniú a fhorbairt. Léann an múinteoir an téacs (abairt nó sliocht) ar bhealach bríomhar muiníneach, ag stopadh i diaidh gach abairte nó leathabairte. Mar a bheadh macalla ann, déanann na páistí athrá ar an téacs.

- Más rud é go mbíonn tuilleadh tacaíochta ag teastáil ó na páistí i dtaobh fuaimniú, is féidir an téacs a léamh i nguthanna éagsúla agus ar luasanna éagsúla.
- De réir mar a éiríonn na páistí níos muiníní leis an léitheoireacht mhacallach, is féidir le leath den rang an abairt a léamh ar bhealach bríomhar spreagúil, agus déanfaidh an leath eile macalla air. Is féidir é a chleachtadh i ngrúpaí beaga nó i mbeirteanna nuair a bhíonn na páistí réidh chuige.

Tá físeán samplach ina dtaispeántar an Léitheoireacht Mhacallach mar chuid d'Amharclann an Léitheora anseo.

Cabhraíonn an Léitheoireacht Mhacallach le líofacht a chothú (TF 10, Snáithe Léitheoireachta). Is féidir aird na bpáistí a dhíriú ar ghnásanna cló lena linn (TF 3, Snáithe Léitheoireachta), mar shampla, comharthaí ceiste agus comharthaí uaillbhreasa a théann i bhfeidhm ar an mbealach a léimid téacs, rud a dhéanann forbairt ar phrosóid le linn an phróisis.



# Eispéiris Léitheoireachta sa Ghaeilge i Scoileanna meán-Bhéarla

## 3. Críochnaigh an Abairt

Sa ghníomhaíocht Críochnaigh an Abairt, tosaíonn an múinteoir ag léamh téacs atá ar taispeáint (abairt nó sliocht) ar bhealach bríomhar muiníneach. Is féidir leis na páistí na focail a leanúint de réir mar a léann an múinteoir amach iad. Fágtar an focal nó frása deiridh ar lár ón téacs agus ní mór do na páistí an focal nó an frása atá in easnamh a thomhas.

- Éiríonn go maith leis an ngníomhaíocht seo nuair a bhíonn rím i dtéacs. Cliceáil ar an nasc seo le teacht ar rogha dánta: Padlet COGG.
- Ag Céim 3 agus Céim 4, is féidir na páistí a spreagadh le focal nó frása nua a dhéanann rím a chur isteach.

Cabhraíonn Críochnaigh an Abairt le stór focal a fhorbairt freisin (TF 6, Snáithe Léitheoireachta).



## 4. Léitheoireacht Leanúnach

Tugann an Léitheoireacht Leanúnach deis do na páistí filleadh ar an téacs céanna arís agus arís eile, le go n-éireoidh siad níos muiníní gach uair agus iad ag léamh an téacs.

- Spreag na páistí leis an téacs céanna (mar shampla, sliocht as scéal / dán / rann / liricí amhráin) a léamh thar thréimhse seachtaine ionas go bhfaighidh siad cleachtadh ar an téacs céanna cúpla uair.
- Má theastaíonn cleachtadh breise maidir le fuaimniú, is féidir an téacs a léamh i nguthanna éagsúla agus ar luasanna éagsúla.

Cabhraíonn an Léitheoireacht Leanúnach le líofacht a chothú freisin (TF 10, Snáithe Léitheoireachta).

## 5. Amharclann an Léitheora

Seo cur chuige comhoibríoch ina dtugtar deis do pháistí téacs, nó sliocht as téacs, a léiriú ar bhealach neamhfhoirmiúil. Is fiú an téacs a chur ar taispeáint ar an gclár bán nó áit éigin sa seomra ranga agus moltar tosú le drámaí gearra agus dánta. Léitear an téacs céanna go leanúnach thar roinnt mhaith laethanta agus glacann na páistí páirt i gcineál difriúil léitheoireachta gach lá (an léitheoireacht mhúnlaithe, an léitheoireacht mhacallach, an léitheoireacht chórúil, an léitheoireacht neamhspleách). Ar an lá deireanach bíonn léiriú den téacs ann.

**Léitheoireacht mhúnlaithe** Léann an múinteoir an script amach líne ar líne, ag tagairt do phictiúir an scéil chun cabhrú leis na páistí an scéal a thuiscint.

**Léitheoireacht mhacallach** Arís, léann an múinteoir an script amach líne ar líne, ach an uair seo, léann na páistí gach líne amach ina dhiaidh díreach cosúil le macalla.

**Léitheoireacht chóúil** Tugtar carachtar / páirt an scéil do gach páiste. Léann na páistí leis na línte céanna a gcuid chuí le chéile. Is féidir leis an múinteoir tús a chur le tuilleadh béime a leagan ar chruinneas agus prosóid (léamh le mothú).

**Léitheoireacht neamhspleách** Cruthaítear grúpaí, le carachtar / páirt amháin i ngach grúpa. Léann gach grúpa a script, le gach páiste ag léamh amach a gcuid go neamhspleách. Siúlann an múinteoir thart ar na grúpaí ar fad chun cruinneas agus prosóid a chinntiú.

**Léiriú** Ar an lá deireanach, cuireann gach grúpa a script i láthair an ranga. Faoin tráth seo, ba cheart go mbeadh na páistí ag léamh le cruinneas maith, líofacht agus prosóid. Le cinntiú go mbíonn Amharclann an Léitheora simplí, ní gá go mbeadh aon phrapa, feisteas, éide ná seit casta sa léiriú seo.

Tá físeán samplach ina dtaispeántar múinteoir ag baint úsáid as an straitéis seo ar fáil anseo.

Cabhraíonn Amharclann an Léitheora le líofacht a chothú freisin (TF 10, Snáithe Léitheoireachta).

# Eispéiris Léitheoireachta sa Ghaeilge i Scoileanna meán-Bhéarla

## 6. Cogarléitheoireacht

Tosaíonn an múinteoir ag léamh an téacs ar bhealach bríomhar muiníneach. Is fiú an téacs a chur ar taispeáint ar an gclár bán nó cóip den téacs a bheith ag na páistí. I ndiaidh do na páistí éisteacht leis an múinteoir, léann siadsan an téacs ina mbeirteanna de chogar. Is féidir leis an múinteoir dul timpeall an tseomra ranga agus éisteacht leis na páistí.

- Más fearr leis na páistí a bheith ag léamh ina n-aonar, nó má chuireann fuaimeanna agus torainn eile sa rang isteach orthu, is féidir leo Toobaloo a úsáid. Is gléas aisfhotha fuaime é Toobaloo, a bhfuil cruth gutháin air, a ligeann do pháistí iad féin a chloisteáil go soiléir le linn dóibh a bheith ag labhairt isteach ann go séimh.

Cabhraíonn an Chogarléitheoireacht le Líofacht agus féincheartú a chothú freisin (TF 10, Snáithe Léitheoireachta)

## 7. Dialanna Léitheoireachta

Cabhraíonn Dialann Léitheoireachta le páistí smaoineamh orthu féin mar léitheoirí, agus machnamh a dhéanamh ar na téacsanna atá léite acu. A luaithe a bhíonn cur amach ag na páistí ar Dhialanna Léitheoireachta i mBéarla, féadfar iad a spreagadh le leabhair Ghaeilge agus leabhair i dteangacha eile a chur isteach ina ndialann.

Is féidir leis an rang iomlán nó páistí aonair

- Dialann Léitheoireachta a choinneáil ina bhfuil liosta de na téacsanna atá léite acu.
- líon áirithe réaltaí (1-5) a tharraingt in aice gach teidil lena thaispeáint a mhéid a thaitin an téacs leo.
- taifead a choinneáil ar na seánraí atá léite acu i nGaeilge agus tic nó croí a chur in aice na seánraí a thaitníonn go maith leo.
- ceann de na leabhair a roghnú mar mholadh do pháiste eile nó do dhuine sa bhaile lena léamh.

Cabhraíonn Dialann Léitheoireachta le páistí a machnamh a dhéanamh ar théacsanna i seánraí éagsúla agus spreagtar iad chun téacsanna a léamh ar mhaithe le pléisiúr (TF 2, Snáithe Léitheoireachta).

## 8. Clubanna Léitheoireachta

Tugann Clubanna Léitheoireachta deis do pháistí teacht le chéile go sóisialta chun téacs atá léite acu a phlé. Le go n éireoidh leis le leabhair Ghaeilge, moltar go mbeadh taithí ag na páistí ar Chlubanna Léitheoireachta i mBéarla. Sa chuid 'Réidh le Léamh' den leabhrán Bímis ag Léamh, tá roinnt moltaí chun tacú le timpeallacht shuaimhneach chompordach a chruthú.

Is fiú a iarraidh ar na páistí aiseolas a thabhairt ar an téacs ach frámaí abairtí a chríochnú:

*Is é ________ an carachtar is fearr liom.*

*Is é ________ an carachtar is mó a chuireann isteach orm.*

*Is é ________ an carachtar is cosúla liomsa.*

> Féadfaidh múinteoirí úsáid a bhaint as cuid de na ceisteanna leide seo a leanas freisin:
>
> *Cén radharc is mó ón téacs a d'fhan i d'intinn?*
>
> *Cén radharc is mó a chuir ionadh / fearg / áthas ort?*
>
> *Cé mhéad réalta as 5 a thabharfá don leabhar agus cén fáth?*
>
> *An maith leat an seánra seo?*

Tá smaointe agus gníomhaíochtaí maidir le Club Léitheoireachta a chur ar bun ar fáil ar an suíomh gréasáin www.cogg.ie, sa chuid An Tairseach, faoi An Club Leabhar.

Le Clubanna Léitheoireachta cuidítear le páistí a machnamh a dhéanamh ar théacsanna i seánraí éagsúla, a bheith ag léamh téacsanna ar mhaithe le pléisiúr (TF 2, Snáithe Léitheoireachta), agus freagairt do ghnéithe aeistéitiúla, samhlaíocha agus cruthaitheacha den téacs (TF 7, Snáithe Léitheoireachta).



Arna fhorbairt i gcomhar le Claire Dunne, Institiúid Oideachais Marino